Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
Agus le do spiorad féin.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

Iarchomaoineach

Ag glacadh na rúndiamhra glórmhara seo dúinn, a Thiarna, déanaimid ár ndícheall buíochas a ghabháil leat, mar go dtugann tú páirt dúinn in ollmhaitheasaí neimhe agus sinn fós ar deoraíocht ar talamh. Sin é ar nguí chugat trí Chrost ar dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin. **Buíochas le Dia.**

Turas na Croise don Charghas i gCill Éinde

Gach Domhnach @ 6.00 **p.m.**
Toradh 50/50 Coiste na Mine 18/02/2024
Buaiteoir don €1,220.00
Damion Mac Diarmuida
Lochán Beag
Indreabhán
Duais an Dioltóra do €50.00
Tigh Chualáin, Cill Rua.
Coiste €1,220.00
Míle Buíochas as bhur dtacaíocht.

Toradh 50/50 Scoil Cholmcille Ros a 'Mhíl 17/02/2024

Buaiteoir don Máirtín Ó Duais an €50.00

€3,035.00 Conghaile Dioltóra do

Hardware, An Spidéal
Go raibh maith agaibh as bhur dtacaíocht

CLÚDAIGH SEACHTAINIÚLA

Tá roinnt boscaí clúdaigh do bhailiúchán na Séipéil 2024 fós san oifig le bailiú. Buail isteach chuig an oifig mura bhfuil do bhosca do 2024 agat. Tá uimhir nua ag gach teach i mbliana mura bhfuair tú bosca le cúpla bliain agus tá tú ag iarraidh tacú leis an séipéal, tá cúpla bosca fágtha.

Míle Buíochas a bhur dtacaíocht

Paróiste An Spidéil
2ú Domhnach den Charghas
25ú Feabhra 2024

An tAthair Daniel Gallagher
www.cilleinde.ie
Uaireanta Oifig: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in Oifig: 083 8126745
Ríomhphost: cilleinde@outlook.ie

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

			Cill Éinde, An Spidéal
Dé Sathairn	24ú	6.00i.n.	Jimmy Ó Céidigh (10 mbliain) & a mhac Thomas (25 Bliain) *Seannaghuráin* Mike Steve Ó Neachtain *Seanaghurráin* Máirtín Ó Márta *Salahoona*
Dé Domhnaigh	25ú	11:00r.n.	Anna Uí Mhurchadha & a mhuintir *Cnocán Glas* Micheál & Máire Ó Cuanaigh & muintir na beirte. *Bearna*
Dé Luain	26ú	10.00 r.n.	An tAthair Mícéal Ó hOistín *Cathaar na Mairt/Céad cuimhneacháin*
Dé Máirt			
Dé Céadaoin			
Dé Sathairn	2ú	6.00i.n.	Pádraig Ó Fátharta & a bhean Mairéad *Coilleach* Peadar Breathnach a bhean Mairéad & clann mhic & iníon *Coilleach/Camus* Máirtín Ó Neachtain & a bhean Nóra *Páirc*
Dé Domhnaigh	3ú	11.00r.n.	Séamus Ó Cualáin, a bhean Cáit & a dheartháir Páraic *Bothúna*
			Cill Treasa, Ros a' Mhíl
Dé Sathairn	24ú	7.30i.n.	Delia Ní Fhéinne a deirfiúracha & a deartháir *Na Doireadh*
Dé Sathairn	2ú	7.30i.n.	Muintir Behan *Oxford /Ros a'Mhíl*
			Cill Mhuire, Na Minna
Dé Domhnaigh	25ú	9.30r.n.	*Missa Pro Populo*
Dé Domhnaigh	3ú	9.30r.n.	*Missa Pro Populo*

Na DeasghnáthaTosaigh

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé
agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
Agus le do spiorad féin.

Gníomh Aithrí

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.
Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
tri mo choir féin, trí mo choir féin,
trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre,
guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

Urnaí

A Thiarna, d'ordaigh tú dúinn éisteacht le do Mhac muirneach; deonaigh ár n-aigne a chothú le do bhriathar; go nglantar súil spioradálta ár n-anma ionas go gcuirfidh radharc do ghlóire lúcháir orainn. Sin é ár nguí chugat trínar dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht

Sliocht as leabhar Gensis – 22:1-2, 9-13, 15-18

Chuir Dia promhadh ar Abráhám. 'A Abráhám, a Abráhám,' ar sé. 'Anseo dom,' ar sé. 'Tóg leat do mhac,' arsa Dia leis, 'd'aonmhac Ísác ar a bhfuil do ghreann, agus imigh go tír Móriá, agus déan é a íobairt ansiúd ina íobairt dhóite ar chnoc a thaispeánfaidh mé duit.'

Nuair a shroicheadar an áit a thaispeáin Dia dó, shín Abráhám a lámh amach, agus rug greim ar an scian chun a mhac a mharú.

Ach ghlaoigh aingeal an Tiarna air ó neamh agus dúirt: 'A Abráhám, a Abráhám.' Dúirt sé: 'Anseo dom.' Dúirt sé: 'Ná leag lámh ar do mhac, agus ná déan aon dochar dó; óir tá a fhios agam anois go bhfuil eagla Dé ort, mar níor dhiúltaigh tú do mhac, d'aonmhac, dom.'

Ansin d'ardaigh Abráhám a shúile agus féach, laistiar de bhí reithe agus a adharca in achrann i dtor; thóg Abráhám an reithe agus d'ofráil é mar íobairt dhóite in áit a mhic.

Agus ghlaoigh aingeal an Tiarna ar Abráhám athuair ó neamh: 'Mhionnaigh mé dar mise féin – focail an Tiarna iad seo – ós rud é go ndearna tú an rud seo agus nár dhiúltaigh tú do mhac, d'aonmhac féin dom, dáilfidh mé na frasa beannachtaí uaim anuas ort. Cuirfidh mé an rath ar do shíol ionas go mbeidh siad líonmhar mar réaltaí neimhe nó mar ghaineamh na trá; agus beidh seilbh ag do shliocht ar gheataí cathrach do naimhde. Beannóidh ciníocha uile an domhain iad féin dar do shliocht mar gur ghéill tú do mo ghlór.'

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 115

Fr: Siúlfaidh mé i bhfianaise an Tiarna
i ndúiche na mbeo.

1. Bhí muinín agam fiú nuair a dúirt mé:
'Táim do mo bhuaireamh go mór.'
Is luachmhar i bhfianaise an Tiarna
bás a chuid naomh. (*Fr.)*

2. A Thiarna, is mise do ghiolla;
scaoil tú do chuibhreacha díom
Ofrálfaidh mé duit íobairt an mholta,
gairfidh mé ar ainm an Tiarna. (*Fr.)*

3. Comhlíonfaidh mé ar mhóidigh mé don Tiarna
i láthair a phobail go léir,
i gcúirteanna theach an Tiarna,
i do lár baill, a Iarúsailéim. (*Fr.)*

An Dara Léacht

Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómánaigh – 8:31-34

A bhráithre, má tá Dia inár bpáirt, nach cuma cé bheidh inár gcoinne? Nuair nár lig sé uaidh a Mhac féin ach é a thabhairt suas ar mhaithe linne go léir, tuige nach mbronnfaidh sé gach grásta eile orainn chomh maith? Agus cé dhéanfaidh pobal tofa Dé a chúisiú? Nuair atá Dia dár saoradh, cé dhéanfaidh ár ndaoradh? An é Críost a dhéanfaidh é, an té a fuair bás agus a tógadh ó mhairbh agus atá fós ar dheis Dé ag idirghuí ar ár son?

Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Véarsa – Mth 17:5

Cloiseadh glór an Athar as an scamall solasmhar:
'Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi: éistigí leis.'

Soiscéal *Marcas – 9:2-10*

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas
Glóir duit, a Thiarna.

Rug Íosa leis Peadar, Séamas agus Eoin, agus sheol sé suas iad sliabh ard ar leithrigh. Agus tháinig claochlú air os comhair a súl, agus d'éirigh a chuid éadaigh dealrach, iad gléigeal thar cuimse, nach bhfuil úcaire sa domhan a dhéanfadh chomh geal iad. Agus chonacthas dóibh Maois mar aon le hÉilias agus iad ag comhrá leis. Agus labhair Peadar le hÍosa: 'A Mháistir,' ar sé, 'is maith mar tharla anseo sinn: déanaimis trí bhoth, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann d'Éilias' –mar ní raibh a fhios aige cad ba mhaith dó a rá, mar tháinig uamhan orthu. Agus tháinig scamall ina scáil anuas orthu, agus an glór as an scamall: 'Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi: éistigí leis!' Agus go tobann, ar dhearcadh dóibh ina dtimpeall, ní fhacadar duine ar bith níos mó ach Íosa in éineacht leo ina aonar.

Ar a slí anuas dóibh ón sliabh, chuir sé mar acht orthu gan a raibh feicthe acu a insint do dhuine ar bith nó go mbeadh Mac an Duine éirithe ó mhairbh. Agus choinnigh siad an scéal chucu féin ach go mbídís ag fiafraí dá chéile cad ba chiall leis an éirí úd ó mhairbh.

Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

An Chré

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Pióláit;
d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an t-arán seo a ofrálaimid duit:
an talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
Moladh go deo le Dia.

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht
an fion seo a ofrálaimid duit: an fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
Moladh go deo le Dia.

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os Cionn na nOfrálacha

Go nglana an ofráil seo ár bpeacaí, impímid ort, a Thiarna; go naomhaí sí na fíréin idir chorp agus anam le haghaidh cheiliúradh féile na Cásca. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ar dTiarna. A**men.**

PAIDIR EOCAIRISTEACH

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.
Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
Is ceart agus is cóir sin……..

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, aThiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm anTiarna.
Hósanna sna harda.

Rúndiamhair an chreidimh
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.

Is tríd agus leis agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse, a Dhia, an tAthair uilechumhachtach, in aontacht an Spioraid Naoimh, trí shaol na saol.
Amen.

–Deasghnáth na Comaoineach

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
Ar nAthair atá ar neamh.....

Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.
Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail:
Fágaim síocháin agaibh, tugaim daoibh mo shíocháin:
ná féach ar ár bpeacaíne ach ar chreideamh d'Eaglaise;
deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú,
faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann agus a rialaíonn tri shaol na saol. **Amen.**